

# Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil

<b>Uimhir Aitheantais TUSLA:</b>	TU2015GY169
----------------------------------	-------------

<b>Ainm na Seirbhíse:</b>	Naíolann na n Oileán
---------------------------	----------------------

<b>Seoladh na Seirbhíse:</b>	Tir an Fhia, Leitir Mór, Co. na Gaillimhe.
------------------------------	--

<b>Eirchód:</b>	H91 YE86
-----------------	----------

<b>Ainm an tSoláthraí Chláraithe:</b>	Peadar Ó Maoláin
---------------------------------------	------------------

<b>Cineál na Seirbhíse</b>	Cúram Lae iomlán, Pairt Aimseartha, Seisiúnach
----------------------------	--

<b>Dáta na Cigireachta:</b>	06/03/2024
-----------------------------	------------

<b>Líon na leanaí réamhscoile:</b>	AM	26	PM	25
------------------------------------	----	----	----	----

<b>Seoladh Cigireacht na Luathbhlianta:</b>	Cigireacht na Luathbhlianta, Stiúrtóireacht Cáilíochta agus Rialála, Foirgneamh Cliniciúil & Riaracháin, Bloc A - (An Chéad Urlár-An Chonair Ghlas), Páirc Mhuirlinne, Gaillimh
<b>Cigireacht déanta ag:</b>	F. Nic Dhonnacha
<b>Teideal:</b>	Cigire na Luathbhlianta

## Údarás chun cigireacht a dhéanamh

Déanann Cigireacht na Luathbhlianta, Tusla cigireacht ar Sheirbhísí Luathbhlianta faoi Alt 58(J) den Acht um Chúram Leanaí, 1991 (arna chur isteach le hAlt 92 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013).

<b>Coinníollacha, má bhaineann le hábhar</b>	Neamh Bhainteach
--	------------------

# Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil

## Cur síos ar an tseirbhís

Tá an tseirbhís lonnaithe i Leitir Mór, Contae na Gaillimhe. Cuirtear cúram lae iomlán, cúram páirtaimseartha agus clár seisiúnach ar fáil do pháistí idir sé mhí agus sé bliana d'aois, ó Luan go hAoine ó 08:00 uair go 17:30 uair an chloig. Tá an tseirbhís suite i bhfoirgneamh saintógtha, a fhreastalaíonn ar cheithre sheomra réamhscoile agus seomra codlata amháin. Le linn na cigireachta bhí trí sheomra i bhfeidhm. Ina measc bhí: seomra na Leabha (raon aoise: aon mhí dhéag go hocht mí dhéag), seomra na Tachrán (raon aoise: bliain go leith go dhá bhliain go leith) le seomra idirnasctha a úsáidtear chun críocha codlata anois, seomra Montessori (raon aoise: trí nó cúig bliana). Ní raibh an ceathrú seomra i bhfeidhm ar lá na cigireachta agus úsáidtear é le haghaidh stórála faoi láthair. Tá cistin ainmnithe ann ina ndéantar na sneaiceanna agus na príomhbhéilí a ullmhú, a chócaráil agus a stóráil ar an láthair. Tá rochtain dhíreach ag na páistí ar an limistéar spraoi lasmuigh ar aghaidh an áitribh lena n-áirítear limistéar foscúil uile-aimsire le linn drochaimsire. Ina theannta sin, tá limistéar spraoi lasmuigh ar chúl an áitribh chomh maith. Cuirtear curaclam réamhscoile bunaithe ar spéiseanna atá ag teacht chun cinn agus Montessori ar fáil sa tseirbhís. Is seirbhís Gaeilge í an réamhscoil, agus tá an fhoireann agus na páistí fite fuaite i gcultúr agus oidhreacht na hÉireann sa cheantar Gaeltachta seo gach lá. Chomh maith leis sin, cuireann an réamhscoil clár iarscoile ar fáil do pháistí scoile ó 13.30 uair go 17.30 uair an chloig ó Luan go hAoine.

## Soláthar foirne

Tá trí duine dhéag do dhaoine fásta fostaithe ag an tseirbhís. Tá an soláthraí cláraithe mar chuid den bhord bainistíochta agus ní oibríonn sé sa tseirbhís. Le linn na cigireachta bhí an bainisteoir i láthair. D'oibrigh naonúr daoine fásta go díreach leis na páistí; Tá duine fásta amháin a bhí i láthair ag gabháil do chlár gníomhachtaithe socrúcháin oibre. Bhí duine fásta amháin ina mhac léinn os cionn ocht mbliana déag d'aois a bhí ag gabháil do thaithí oibre. Bhí foireann chúnta amháin a thug faoi dhualgais glantacháin agus ullmhúcháin bia i láthair sa tseirbhís. Chomh maith leis sin, bhí triúr ball foirne ann a oibríonn le clár iarscoile na bpáistí aois scoile.

## Modheolaíocht

Is í Cigireacht na Luathbhlianta, Tusla, rialtóir reachtúil neamhspleách ar sheirbhísí luathbhlianta in Éirinn. Sainmhínítear i Rialachán an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016 dualgas an tsoláthraí chlárach sábháilteacht agus folláine leanaí a chinntiú agus cloí leis na riachtanais seo. Tugann an tAcht seo údarás do Tusla measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh leis na rialacháin. Is é is aidhm le rialáil maidir le seirbhísí óige ná a chinntiú go seastar le cúram, sábháilteacht, agus folláine na leanaí a fhreastalaíonn ar na seirbhísí seo. Pleanáiltear cigireachtaí ar sheirbhísí luathbhlianta bunaithe ar na pointí seo a leanas:

- Stair chigireachta na seirbhíse
- Eolas ar bith a fhaightear maidir leis an tseirbhís

# Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil

- Tá torthaí na cigireachta bunaithe ar:
- Eolas a fhaightear trí dhoiciméid a imscrúdú
- Breathnú díreach
- Plé le baill foirne ábhartha

Ba chigireacht fógartha/neamhfhógartha é seo, agus díríodh ar rialachas/sláinte, folláine agus forbairt an linbh/sábháilteacht/áitreabh agus saoraidí lena linn. Féadfaidh cigireacht díriú ar réimsí eile chomh maith, de réir mar is gá.

Dhírigh an chigireacht ar scrúdú comhlíonadh faoi rialacháin 9, 11, 15, 19, 23, 25, 26, agus 28; mar sin féin, le linn an chigireacht sainithníodh neamhchomhlíonadh breise a raibh riosca ag baint leis faoi Rialachan 29. Leagtar amach na torthaí sin laistigh den rialachán/na rialacháin ábhartha laistigh den tuarascáil seo.

Leagtar amach torthaí na cigireachta sa tuarascáil maidir leis an gcigireacht a eisítear mar dhréacht-tuarascáil ar dtús chuig an tseirbhís, agus bíonn deis ag an tseirbhís freagra a thabhairt ar thorthaí ar bith a luaitear inti. I gcás go sainithnítear nach bhfuil ceanglais reachtúla á gcomhlíonadh, ní mór don soláthraí cláraithe léiriú a thabhairt ar an mbealach a réitíodh an neamhchomhlíonadh agus mar a chuirfear cosc ar an neamhchomhlíonadh amach anseo. Úsáidfean an plean um Ghníomh Ceartaitheach agus Gníomh Coisctheach (CAPA) chun bonn eolais a chur le cinntí maidir le comhlíonadh le ceanglais rialála. I gcás nach n-éiríonn leis an soláthraí cláraithe na ceanglais reachtúla a chomhlíonadh, féadfar próiseas géaraithe a thosú.

Forchoimeádann an Chigireacht an ceart chun eagarthóireacht a dhéanamh ar fhreagraí a fhaightear ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear soiléireacht; iomláine; agus chun próisis riaracháin agus dlíthiúla a chomhlíonadh.

Is í an Chigireacht a thiomsaíonn ábhar na tuarascála.

## Buíochas

Is mian leis an gCigire buíochas a ghabháil leis an leis an duine l gceannas, leis an bhfoireann agus leis na leanaí a bhí i láthair ar lá na cigireachta as a gcomhoibriú ar fad.

## Cuid III – Bainistíocht agus Foireann

### Rialachán 9 – Bainistíocht agus earcaíocht

#### (1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe–

(a) go mbeidh sa tseirbhís duine i bhfeighil ainmnithe agus duine arna ainmniú nó arna hainmniú a bheidh ábalta gníomhú mar ionadaí de réir mar is gá,

(b) go mbeidh an duine i bhfeighil ainmnithe nó an duine arna ainmniú nó arna hainmniú dá dtagraítear i bhfomhír (a) san áitreabh gach tráth le linn na tréimhse ina mbeidh an tseirbhís réamhscoile á seoladh, agus

#### (2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe gur duine oiriúnach inniúil gach fostaí, gach oibrí nach n-íoctar agus gach conraitheoir, agus cineál na riachtanas a bhíonn ar leanaí á chur san áireamh, lena n-áirítear trí na nithe seo a leanas a dhéanamh–

(a) breithniú ar theistiméireacht ó fhostóirí an duine san am a caitheadh, más ann, agus go háirithe ar theistiméireacht ón bhfostóir is déanaí, más ann,

(b) breithniú ar theistiméireachtaí ó fhoinsí iontaoifa i gcás duine nach raibh aon fhostóirí air nó uirthi san am a caitheadh,

(c) breithniú ar an nochtadh grinnfhiosrúcháin a fuarthas ó Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána de réir Acht 2012 i leith an duine, agus

d) a chinntiú, a mhéid is indéanta, go soláthróidh duine, i gcás go raibh cónaí ar an duine i stát seachas an Stát ar feadh tréimhse ab fhaide ná 6 mhí as a chéile, grinnfhiosrúchán ag póilíní ó na húdaráis phóilíneachta sa stát sin.

#### (4) Cinnteoidh soláthraí cláraithe, gan dochar do ghinearáltacht mhír (2) agus faoi réir mhíreanna (5) agus (6), go sealbhaíonn gach fostaí a bhíonn ag obair go díreach le leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís, mórdhámhachtain i gCúram agus Oideachas Luath-Óige ar Leibhéal 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó cáilíocht a mheasfaidh an tAire a bheith coibhéiseach léi sin, ar a laghad.

### Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

(1)(a) Ba é an bainisteoir an duine a bhí i gceannas agus bhí duine ainmnithe ar fáil chun ionadaíocht a dhéanamh nuair a bhí sí as láthair.

(b) Bhí an bainisteoir ar fáil le linn na cigireachta.

(2) Bhí trí chomhad déag ar fáil agus rinne an cigire athbhreithniú orthu. Seo mar a bhí na torthaí:

- (a)&(b) Bhí sé thagairt bhailíochtaí scríofa is fiche ó iarfhostóirí nó ó fhoirse seachas iarfhostóir ar fáil maidir le daoine fásta a bhí ag obair sa tseirbhís.
- (c) Bhí nochtadh grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána ar fáil maidir leis an trí dhuine dhéag fásta.
- (d) Bhí grinnfhiosrúchán idirnáisiúnta na bpóilíní ar fáil do dhuine fásta amháin a bhí ag obair sa tseirbhís agus a bhí ina chónaí i stát eile ar feadh tréimhse níos faide ná sé mhí.
- (4) Bhí cáilíochtaí Cúraim agus Oideachais Luath-Óige ag naonúr aosach a bhí ag obair go díreach leis na leanaí, ó Leibhéal 5 go Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó cáilíocht a mheasann an tAire a bheith comhionann.

## Cuid III – Bainistíocht agus Foireann

### Rialachán 11 - Leibhéal Foirne

#### Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

- (1) Le linn na cigireachta d'oibrigh líon leordhóthanach daoine fásta go díreach leis na leanaí a bhí i láthair.
- (2) Ar an 6/03/24 thug líon leordhóthanach daoine fásta aire do na leanaí sna trí sheomra cúraim. Coinníodh cóimheas rialála na ndaoine fásta a thugann aire do leanaí le linn na cigireachta i ngach seomra cúraim. Maidin na cigireachta, bhí 26 páiste i láthair.
- Bhí 4 leanbh idir 11 mhí agus 1 1/2 bhliain d'aois,
  - Bhí 12 leanbh idir 18 mí agus 2 1/2 bhliain d'aois,
  - Bhí 10 leanbh idir 3 agus 5 bliana d'aois,

Bhí naonóir ball foirne ag tabhairt aire dhíreach do na páistí seo.

Ar maidin, thug an bainisteoir cúnamh leis an gcuid riaracháin den chigireacht agus den fhaoiseamh cúram leanaí de réir mar ba ghá. Ina theannta sin, bhí mac léinn ón gcoláiste os cionn 18 mbliana d'aois, a ndearnadh maoirseacht uirthi agus í ag idirghníomhú leis na leanaí agus bhí cócaire/ glantóir ag an tseirbhís a thosaigh ar dualgas ag 12méan lae.

San iarnóin, bhí 25 páiste i láthair.

- Bhí 4 leanbh idir 11 mhí agus 1 1/2 bhliain d'aois,
- Bhí 9 leanbh idir 18 mí agus 2 1/2 bhliain d'aois,
- Bhí 12 leanbh idir 3 agus 5 bliana d'aois,

Bhí 9 mball foirne ann, ag tabhairt aire agus maoirseacht dhíreach do na leanaí seo. Chuir an bainisteoir seirbhíse cúnamh ar fáil leis an gcuid riaracháin den chigireacht agus den fhaoiseamh cúraim leanaí nuair ba ghá.

Chomh maith leis sin, bhí tiománaí na seirbhíse ag bailiú páistí scoile.

San iarnóin, bhí clár d'aois scoile agus triúr ball foirne ainmnithe faoina gcúram.

(8)(a) Léirigh leabhar rolla na foirne go raibh níos mó ná beirt daoine fásta ar fáil sa tseirbhís an t-am ar fad.

## Cuid IV – Faisnéis agus Taifid

### Rialachán 15 – Taifead ar leanbh réamhscoile

(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seachas seirbhíse réamhscoile i lárionad buail isteach nó seirbhís réamhscoile shealadach go gcoimeádfar taifead i scríbhinn i leith gach linbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís ina mbeidh na sonraí seo a leanas:

(a) ainm agus dáta breithe an linbh;

(b) an dáta a d'fhreastail an leanbh ar an tseirbhís den chéad uair;

(c) an dáta a scoir an leanbh de bheith ag freastal ar an tseirbhís;

(d) ainm agus seoladh tuismitheora nó caomhnóra leis an leanbh agus uimhir theileafóin lenar féidir dul i dteagmháil leis an tuismitheoir nó leis an gcaomhnóir sin nó le gaol nó le cara leis an leanbh le linn uaireanta oibríochta na seirbhíse;

(e) údarú chun an leanbh a bhailiú;

(f) mionsonraí aon bhreiteachta, aon mhíchumais, aon ailléirge nó aon riachtanais speisialta ar an leanbh, mar aon leis an bhfaisnéis go léir is iomchuí maidir le cúram nó aire speisialta a sholáthar;

(g) ainm agus uimhir theileafóin lia-chleachtóir cláraithe an linbh;

(h) taifead ar imdhíontaí, más ann, a fuair an leanbh;

(i) toiliú i scríbhinn ó thuismitheoir chun cóireáil chuí liachta a chur ar an leanbh i gcás éigeandála.

(4) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go gcoinneofar taifead i scríbhinn dá dtagraítear i mír (1) ar feadh tréimhse 2 bhliain ón dáta a scoirfidh an leanbh lena mbaineann sé de bheith ag freastal ar an tseirbhís.

(5) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go gcoinneofar taifead i scríbhinn dá dtagraítear i mír (2) ar feadh tréimhse 2 bhliain ón dáta a fhreastalóidh an leanbh ar an tseirbhís.

## Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

- (1) Rinne an cigire athbhreithniú ar shampla de dhá cheann déag de ceathracha dó fhoirm rollaithe do leanaí atá ag freastal orthu faoi láthair. Rinneadh na sonraí a bhaineann le (1) (a) go (j) a dhoiciméadú ar gach taifead.
- (4)&(5) Chuir an soláthraí cláraithe in iúl agus léirigh fianaise dhoiciméadach ó athbhreithniú comhad, go Coinníodh taifid leanaí ar feadh 2 bhliain ón dáta a stopann leanbh ag freastal ar an tseirbhís.

## Cuid V - Cúram Linbh i Seirbhís Réamhscoile

### Rialachán 19 - Sláinte, leas agus forbairt linbh

(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe, le linn dó nó di a bheith ag soláthar seirbhís réamhscoile—

*(a) go ndéanfar foghlaim, forbairt agus leas gach linbh a urasú laistigh de shaol laethúil na seirbhíse réamhscoile trí na gníomhaíochtaí cuí, an idirghníomhaíocht chuí, na hábhair chuí agus an trealamh cuí a sholáthar, ag féachaint d'aois agus do chéim forbartha an linbh, agus*

## Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

### Riachtanais Bhunúsacha

- Bhí polasaí bia sláintiúil ag an tseirbhís ach é a iarraidh.
- Tugadh go leor ama do gach páiste a gcuid sneaiceanna agus béilí a ithe agus taitneamh a bhaint astu gan a bheith faoi dheifir. Bhí an t-atmaisféar le linn am béilí shuaimhneach, le hidirghníomhú sóisialta taitneamhach i measc na bpáistí agus na foirne.
- D'ith na páistí ó sheomra na Lápadáin agus seomra Montessori a bpríomh bhéilí sa seomra bia agus bíonn a gcuid sneaiceanna agus béilí ag na páistí níos óige sa seomra Babaí. D'ullmhaigh comhlacht bia béal dorais na béilí, cócaráladh iad, agus stóráladh iad ar an láthair i gcistin na seirbhíse. Bhí dhá bhéile agus dhá sneaiceanna ag na páistí a bhí ag freastal ar an tseirbhís ar bhonn cúram lae iomlán agus páirtaimseartha. Bhí béile te curtha ar fáil ag na páistí a bhí ag freastal ar an tseirbhís cúram lae iomlán. Thug an té a bhí i gceannas le fios gur chinntigh an fhoireann go raibh dhá ghrúpa bia i ngach sneaic bhéile. Thug an soláthraí cláraithe le fios go raibh soláthar bia sa chistin, d'aon pháiste a dteastaíonn bia breise uathu.
- Bhí na huirlisí, sceanra agus soithí a úsáideadh le haghaidh ithe agus ól oiriúnach d'aoiseanna agus do chéim forbartha na bpáistí.

- Spreag agus thacaigh an fhoireann leis na páistí a bheith neamhspleách fad is a bhí súgradh saor in aisce, gníomhaíochtaí boird, saothar ealaíne agus súgradh samhlaíochta acu.
- D'athraigh aon pháiste déag ó sheomra na Leanbh agus seomra na Tachrán a clúidíní ar bhonn rialta, go tráthúil, sa limistéar ainmnithe clúidín. Coinníodh príobháideachtas agus dínit na bpáistí fad is a d'úsáid na páistí na leithris agus le linn nósanna imeachta athraithe clúidín.
- Bhí rochtain neamhshrianta ag na páistí ar an leithreas agus ní raibh orthu fanacht leis an leithreas a úsáid. Spreagadh agus tacaíodh le leanaí chun féinchabhrach agus scileanna sláinteachais phearsanta a fhorbairt.
- Bhí na táblaí agus na cathaoireacha oiriúnach d'aoiseanna agus do chéimeanna forbartha na bpáistí. Bíonn neart deiseanna ag páistí iad féin a bhogadh, a gcuid scileanna atá ag teacht chun cinn a chleachtadh agus a fheabhsú, amhail comhordú agus cothromaíocht. Bhí deiseanna ag na páistí ar fad a dtimpeallacht a fhiosrú. D'ith na páistí a gcuid sneaiceanna agus príomhbhéilí agus bhí saoirse gluaiseachta acu laistigh dá seomra súgartha. Bhí deis ag na páistí ar fad spraoi taobh amuigh le haghaidh aclaíocht fhisiciúil agus gluaiseachta agus aer úr.

## Ag Tacú le Caidrimh

- Thacaigh an tseirbhís le leanaí chun caidrimh dhearfacha a chruthú agus a chothú le siblíní, piaraí agus leanaí eile, trí dheiseanna a chur ar fáil do gníomhaíochtaí agus spraoi i ngrúpaí beaga agus móra, rud a d'fhág feasacht shóisialta mhéadaithe, comhoibriú, obair foirne, agus mothú muintearais.
- D'fhreagair an fhoireann do naíonáin ar bhealach tráthúil agus cuí nuair a ghlaigh siad nó nuair a d'éirigh siad trína chéile.
- Breathnaíodh ar na páistí ó sheomra Montessori ag am ciorcail ag éisteacht le scéalta, ag canadh amhráin aicsin, agus ag imirt cluichí meaitseála. Breathnaíodh ar na páistí ag rith, ag ruaigeadh, ag imirt liathróide, ag rothaíocht ar thrírothaigh sa limistéar súgartha lasmuigh.
- Breathnaíodh ar na páistí ó sheomra na Tachrán, ag súgradh saor in aisce, ag féachaint ar leabhair, ag tógáil agus ag comhrá le chéile. Breathnaíodh ar na páistí ag súgradh taobh amuigh, ag rith, ag léimneach agus ag iniúchadh. Bhí na páistí ag dreapadh ar an ionad gníomhaíochta, ag súgradh sa teach súgartha agus ag pedalling trírothaigh.
- Breathnaíodh ar na páistí sa seomra Naíonáin ag rolladh agus ag lámhacán ar an mata bog, ag féachaint ar leabhair feirme, ag súgradh le bréagáin cheoil agus ag idirghníomhú leis an bhfoireann agus iad ar fad ina suí ar an urlár bog. Bhí saoirse ag na páistí dul ag lámhacán trí thollán, rolladh agus dreapadh ar mataí boga agus taitneamh a bhaint as an tsaoirse gluaiseachta. Tugadh na páistí faoi deara sa limistéar foscúil lasmuigh níos déanaí sa lá.

- Rinne an fhoireann cumarsáid le tuismitheoirí ar bhonn neamhfhoirmiúil ag amanna fágála agus bailiúcháin agus trí fheidhm chlár cumarsáide idirghníomhach cúram leanaí na seirbhíse agus trí straic leabhair próifíle i seomra Montessori.
- Bhí córas lárnach oibríthe i bhfeidhm do gach páiste chun tacú lena bhforbairt agus chun bonn eolais a chur faoi phleanáil an churaclaim. Ba é ról an phríomhoibrí ná idirchaidreamh a dhéanamh le tuismitheoirí agus caomhnóirí.
- Tugadh aire do na páistí ar bhealach cineálta séimh. Tugadh faoi deara an fhoireann ag labhairt leis na páistí ag a n-airde, ag éisteacht go haireach agus ag freagairt ar bhealach ciúin, socair agus íogair.

## Cuid VI - Sábháilteacht

### Rialachán 23 - Sláinte, sábháilteacht agus leas linbh a chosaint

Cinnteoídh soláthraí cláraithe go ndéanfar gach beart réasúnach chun sláinte, sábháilteacht agus leas linbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís a chosaint agus cinnteoídh sé nó sí go mbeidh timpeallacht na seirbhíse sábháilte.

#### Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

##### Sábháilteacht Ghinearálta:

- Bhí córas slán i bhfeidhm ag an doras isteach chun monatóireacht a dhéanamh ar theacht isteach agus imeacht sábháilte na leanaí chuig agus ón áis cúraim leanaí.
- Daingníodh na limistéir lasmuigh le fálú, ballaí teorann agus geataí chun na páistí laistigh a chosaint.
- Stóráladh gníomhairí glantacháin i gceantar daingnithe lasmuigh de na leanaí.
- Déanann an tseirbhís measúnú riosca laethúil a thaifeadadh agus a chothabháil don timpeallacht laistigh agus lasmuigh.
- Coinníodh na cathaoireacha arda i riocht leordhóthanach le húmacha sábháilteachta feistithe i seomra na mBabaí.
- Fuarthas áiseanna stórála agus ní raibh teacht ag na páistí orthu.

##### Rialú Ionfhabhtuithe:

Clliceáil nó tapáil anseo chun téacs a chur isteach.

- Coinníodh an tseirbhís i riocht glan. Bhí sceidil ghlantacháin críochnaithe ar fáil. Glanadh boird agus dromchlaí oibre go rialta.
- Nigh na páistí a lámha ag eatrainmh chúí tar éis gníomhaíochtaí, leithris agus roimh am béile.
- Stóráileadh earraí bia meatacha na bpáistí agus foirmle na naíonán i gceart sa chuisneoir seirbhíse.
- Bhí modh cúí ar fáil chun góbáin an naíonán a steiriliú. Stóráileadh na góbáin i gcoimeádáin lipéadaithe ina n-aonar.

- Cuireadh cliabháin agus leapacha meánmhéide aonair ar fáil do na páistí. Bhí coimeádáin lipéadaithe ar fáil chun earraí glana leapa agus cúraim phearsanta a stóráil sna seomraí.

## Dáileadh Cógas:

- Níor riaradh aon chógais ar lá na cigireachta.
- Bhí taifid ar fáil agus coinníodh iad i ngach seomra cúraim chun cógais a riaradh
- Bhí cóip chrua den pholasaí seirbhíse ar fáil ach é a iarraidh.

Click or tap here to enter text.

## Coladh Sábháilte:

- Bhí seomra codlata ainmnithe amháin ar fáil do na naíonáin le codladh agus tiontaíodh seomra na Tachrán tar éis am lóin le haghaidh soláthar codlata.
- Bhí líon leordhóthanach cliabháin meánmhéide caighdeánacha sna limistéir chodlata chun go mbeadh na naíonáin inan codladh. Bhí leapacha ar leibhéal íseal ar fáil do pháistí os cionn dhá bhliain d'aois.
- Coinníodh teocht an tseomra codlata idir 16-20 céim celsius le linn na cigireachta. Bhí teirmiméadar ar fáil don fhoireann chun teocht an tseomra a thomhas agus monatóireacht a dhéanamh orthu.
- Rinne an fhoireann breathnóireachtaí codlata na bpáistí a thaifeadadh gach deich nóiméad agus coinníodh taifid. I measc na dtuairimí sin do na páistí bhí: dath, suíomh, teocht an tseomra, análú agus aon ghníomhartha feabhais a rinneadh.
- Bhí limistéar scithe laistigh de gach ceann de na seomraí súgartha le tolg de mhéid leanaí ar fáil a d'fhéadfaí a chur in oiriúint mar limistéar scithe do na páistí chun scíth a ligean nó díliostáil ó ghníomhaíochtaí más mian leo.

## Sábháilteacht Dóiteáin:

- Bhí na bealaí amach I gcas tine glan ó bhac ar fud na seirbhíse.
- Bhí taifid scríofa de dhruileanna dóiteáin míosúla ar fáil.
- Bhí pointí cóimeála dóiteáin inaitheanta go héasca.
- Bhí taifid d'oiliúint sábháilteachta dóiteáin cothrom le dáta ar fáil.

## Turas:

- Níor tharla aon turas ar lá na cigireachta. Bhí polasaí turas ag an tseirbhís ach é a iarraidh.

## Cuid VI - Sábháilteacht

### Rialachán 25 - Garchabhair

(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh duine atá oile ar gharchabhair do leanaí ar fáil láithreach i gcónaí do na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoil.

(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh bosca garchabhrach do leanaí a bhfuil an trealamh cuí ann—

(a) stóráilte go sábháilte in áit fheiceálach san áitreabh ar féidir teacht air gan dua, agus

(b) ar fáil i gcónaí do na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.

#### Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

- (1) Sholáthair an tseirbhís fianaise go raibh duine a oileadh i ngarchabhair do leanaí ar fáil i gcónaí do na leanaí a bhí ag freastal ar an tseirbhís réamhscoile. Bhí oiliúint reatha ag naonúr ball foirne sa chúrsa (Freagróir Garchabhrach) do leanaí.
- (2)(a) Bhí bosca garchabhrach i ngach seomra súgartha le míreanna ábhair laistigh de dháta, stóráilte go sábháilte, inrochtana go héasca agus stóráilte in áit fheiceálach.
- (b) Léirigh an tseirbhís go raibh na boscaí garchabhrach lánfheistithe agus ar fáil do na leanaí a bhí ag freastal ar an tseirbhís réamhscoile.

## Cuid VI - Sábháilteacht

### Rialachán 26 - Bearta maidir le sábháilteacht ó dhóiteán

(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go gcoimeádfar taifead i scríbhinn—

(a) ar aon druil dóiteáin a dhéantar san áitreabh, agus

(b) ar líon, cineál agus taifead cothabhála an trealaimh chun dóiteán a chomhrac agus na n-aláram deataigh san áitreabh.

(4) Déanfar fógra i dtaobh na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i gcás dóiteáin a chur ar taispeáint in áit fheiceálach san áitreabh.

#### Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

- (1)(a) Bhí taifead scríofa ar fáil de na druileanna dóiteáin míosúla a cuireadh i gcrích sa tseirbhís. An druil dóiteáin inár taifeadh go deireanach ná ar dáta an 4/03/2024.
- (b) Bhí taifid don seirbhís bhliantúil ar fáil maidir le líon, cineál agus cothabháil trealaimh comhraicthe dóiteáin ar dáta 26/10/2023.

Bhí an tseirbhís bhliantúil dheireanach ag an gcóras aláraim deataigh agus braite dóiteáin don áitreabh ar an 26/10/2023 .

- (4) Taispeánadh fógraí aslonnaithe laistigh den seirbhís do na nósanna imeachta a bhí le leanúint i gcás tine san áitreabh.

## Cuid VI - Sábháilteacht

### Rialachán 28 - Árachas

*Cinnteoigh soláthraí cláraithe go mbeidh an tseirbhís réamhscoile faoi árachas leordhóthanach.*

#### Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

Bhí cumhdach árachais cothrom le dáta ar fáil do 31 leanbh réamhscoile. Tá an polasaí bailí go dtí an 27 Márta 2024.

## Cuid VII - Ceanglais maidir le Háitribh agus Spás

### Rialachán 29 - Áitribh

*Cinnteoigh soláthraí cláraithe maidir le háitreabh na seirbhíse—*

*(d) go ndéanfar é a ghlanadh, a chothabháil agus a dheisiú, de réir mar is gá, agus*

#### Faisnéis maidir le Neamhchomhlíonadh

- (d) Bhí fianaise ann go raibh taise / caoineach ar uasteorainn an tseomra fóntais, an tsleáil agus ballaí l leithreas foirne agus an seomra slíús a raibh gá le tuilleadh cothabhála agus deisiúcháin imscrúdaithe gairmiúla. Sainaithníodh an limistéar fóntais agus eisíodh neamhchomhlíonadh ar an tuarascáil roimhe seo dar dáta 30/6/2022.

#### Gníomh Ceartaitheach & Gníomh Coisctheach arna seoladh isteach ag an Soláthraí Cláraithe

Ar an 4/4/2024, chuir an duine atá i gceannas an méid seo a leanas in iúl.

#### **Gníomh Ceartaitheach agus Gníomh Coisctheach**

Rinneadh teagmháil le sealbhóir an léasa (Údarás na Gaeltachta) agus thug innealtóir cuairt ar an láthair ar an 15/3/2024 chun na hoibreacha a theastaíonn ar an bhfoirgneamh a fhiosrú. Thug oibrí sinsearach cuairt ar an láthair ar an 4/4/2024. Tá an Naíolann ag fanacht leis an tuarascáil deiridh ón dá pháirtí agus dáta tosaithe agus críochnaithe do na hoibreacha atá dlite a fháil.

## **Doiciméid Tacaíochta Curtha isteach**

Ríomhphost ina leagtar béim ar na cuairteanna ar an láthair a thug an t-innealtóir agus an t-oibrí sinsearach ó Údarás na Gaeltachta go dtí seo chun an obair atá le déanamh a fhiosrú.

## **Nóta Tráchta Achomair**

Leagtar béim sna gníomhartha agus san fhianaise a cuireadh isteach ar an imscrúdú leanúnach ar na hoibreacha atá dlite le haghaidh cothabhála agus deisiúcháin faoi Rialachán 29 (d) ach níor cuireadh aon dáta tosaithe ná dáta críochnaithe isteach go dtí seo. Tá an neamhchomhlíonadh fós gan réiteach agus déanfar athbhreithniú air ar an gcéad iniúchadh eile.

# Early Years Inspectorate Regulatory Report

## Pre School

<b>TUSLA Identifier:</b>	TU2015GY169
--------------------------	-------------

<b>Name of Service:</b>	Naíolann na n Oileán
-------------------------	----------------------

<b>Address of Service:</b>	Tir an Fhia, Lettermore, Co. Galway.
----------------------------	--------------------------------------

<b>Eircode:</b>	H91 YE86
-----------------	----------

<b>Name of Registered Provider:</b>	Peadar Ó Maoláin
-------------------------------------	------------------

<b>Service type:</b>	Full Day, Part Time, Sessional
----------------------	--------------------------------

<b>Date of Inspection:</b>	06/03/2024
----------------------------	------------

<b>No of pre-school children:</b>	AM	26	PM	25
-----------------------------------	----	----	----	----

<b>Address of the Early Years Inspectorate:</b>	Early Years Inspectorate, Quality and Regulation Directorate, Clinical & Administration Building, Block A - (1st Floor- Green Corridor), Merlin Park, Galway.
---	---

<b>Inspection undertaken by:</b>	F.Nic Dhonnacha
----------------------------------	-----------------

<b>Title:</b>	Early Years Inspector
---------------	-----------------------

### Authority to Inspect

